

## BEARTAS UM NOCHTADH COSANTA

### Beartas maidir le Nochtadh Cosanta a Dhéanamh ag Fostaithe BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

#### 1. Réamhrá

1.1 Tá DDLETB tiomanta do na caighdeáin is airde agus is féidir a chomhlíonadh lenár n-oibleagáidí dlíthiúla.

1.2 Is mór ag DDLETB trédhearcacht agus cuntasacht ina cleachtais riaracháin agus bainistíochta. Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde macántachta, oscailteachta agus cuntasachta a chaomhnú agus aithníonn sé go bhfuil ról lárnach ag oibrithe i mbaint amach na n-aidhmeanna sin.

Mar sin tacaíonn an beartas seo le cultúr:

- a cheadaíonn do dhuine tuairim a chur in iúl i gcúrsaí eitice.
- a fheabhsaíonn timpeallacht ina mothaíonn daoine sábháilte agus iad ag plé imní dáiríre agus dlísteanaigh faoi rialachas agus iompar eiticiúil; agus
- a cheistíonn iompar míchuí ag gach leibhéal ar fud na heagraíochta.

1.3 Tá sé mar aidhm ag an mbeartas seo fostaithe DDLETB a spreagadh agus a chumasú chun imní thromchúiseach a ardú agus a thuairisciú ar bhealach sábháilte laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus Rialtais Áitiúil ar an gcéad dul síos gan gá a n-imní a thabhairt taobh amuigh den Bhord. Faoin mbeartas seo is féidir le fostaí nochtadh cosanta a dhéanamh maidir le héagóirí ábhartha gan eagla a bheith orthu roimh phionós nó bagairt caitheamh níos lú fabhar, idirdhealú ina dhiaidh sin, nó míbhuntáiste.

1.4 Tá sé mar aidhm ag an mbeartas seo éifeacht a thabhairt d'oibleagáidí agus d'fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta 2014 agus an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022. Ní ghlacann sé ionad aon cheanglais dhlíthiúla tuairiscithe nó nochta a eascraíonn faoi reachtaíocht eile. Sa chás go bhfuil ceanglais nó nósanna imeachta tuairiscithe reachtúla eile ann, ní mór iad seo a chomhlíonadh go hiomlán.

- 1.5 Ní thagann an beartas seo in ionad gnásanna casaoide DDLETB agus níor cheart é a úsáid chun imní a ardú faoi chúinsí pearsanta an oibrí féin, ag eascairt as a c(h)onradh fostaíochta leis an mBord. Ba cheart ábhair imní den sórt sin a tharchur faoin ngnás casaoide nó faoin mbeartas eile de réir mar is iomchuí.
- 1.6 Éilíonn cód eitice DDLETB go gcloífidh gach oibrí leis na caighdeáin is airde dlí, bainistíochta agus eitice agus iad i mbun a gcuid dualgas agus a bhfreagrachtaí.

## **2. Cé atá clúdaithe faoin mbeartas seo?**

- 2.1. Baineann an beartas seo le gach fostaí de chuid DDLETB lena n-áirítear fostaithe, iarfhostaithe, conraitheoirí, oibríthe deonacha, foireann gníomhaireachta, oiliúnaithe neamhíochta, daoine ar thaithí oibre íochta, comhaltaí boird, soláthraithe, agus iarratasóirí ar phoist.

## **3. Aidhm an Bheartais**

- 3.1. Tá sé mar aidhm ag an mbeartas seo cur ar chumas fostaithe faisnéis a nochtadh a chreideann siad go réasúnta a léiríonn éagóirí ábhartha a thagann faoina n-aird le linn a gcuid oibre gan eagla a bheith orthu go ndéanfaí dochar dá bharr.

- 3.2.1. Is 'Éagóracha Ábhartha' iad na nithe seo a leanas chun críocha an Achta um Nochtadh Cosanta 2014.

- go bhfuil cion déanta, á dhéanamh nó gur dócha go ndéanfar é,
- gur mhainnigh duine, go bhfuil sé ag mainneachtain nó gur dóigh go mainneoidh sé aon oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh, seachas oibleagáid a eascraíonn faoi chonradh fostaíochta an oibrí nó faoi chonradh eile trína ngeallann an t-oibrí aon obair nó seirbhísí a dhéanamh nó a chomhlíonadh go pearsanta,
- gur tharla iomrall ceartais, go bhfuil sé ag tarlú nó gur dócha go dtarlóidh sé,
- go bhfuil sláinte nó sábháilteacht aon duine aonair i mbaol, á cur i mbaol nó gur dóigh go gcuirfeadh i mbaol í,
- go bhfuil damáiste déanta don chomhshaol, go bhfuil damáiste á dhéanamh dó nó gur dócha go ndéanfar damáiste dó,

- gur tharla, nó gur dócha go dtarlóidh, úsáid neamhdhleathach nó mhíchuí ar shlí eile as cistí nó acmhainní comhlachta poiblí, nó as airgead poiblí eile,
- go bhfuil gníomh nó neamhghníomh de chuid comhlachta poiblí nó thar ceann comhlachta poiblí leatromach, idirdhealaitheach, nó thar a bheith fíorfhailloch nó arb ionann é agus fíor-mhíbhainistíocht, nó
- gur tharla sárú ar dhlí an AE mar atá leagtha amach san Acht, go bhfuil sé ag tarlú nó gur dócha go dtarlóidh sé; nó go bhfuil an fhaisnéis sin a thaispeánann go bhfuil ábhar ar bith a thagann faoi réim aon cheann de na míreanna roimhe seo ceilte/scriosta, á cheilt/á scriosadh nó gur dóigh go mbeidh sé faoi cheilt/scriosta nó go ndearnadh iarracht, go ndéantar iarracht nó gur dócha go ndéanfar iarracht faisnéis den sórt sin a cheilt nó a scriosadh.
- go bhfuil an fhaisnéis sin a thaispeánann go bhfuil ábhar ar bith a thagann faoi réim aon cheann de na míreanna roimhe seo ceilte/scriosta, á cheilt/á scriosadh nó gur dóigh go mbeidh sé faoi cheilt/scriosta nó go ndearnadh iarracht, go ndéantar iarracht nó gur dócha go ndéanfar iarracht faisnéis den sórt sin a cheilt nó a scriosadh.

Sainmhíonann an

tAcht sárú mar seo

a leanas:

- a) gníomh nó neamhghníomh atá contrártha do dhlí an AE a bhaineann le soláthar poiblí; seirbhísí airgeadais, táirgí agus margaí airgeadais, agus sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí a chosc; sábháilteacht agus comhlíonadh táirgí; sábháilteacht iompair; cosaint an chomhshaoil; cosaint radaíochta agus sábháilteacht núicléach; sábháilteacht bia agus beatha agus sláinte agus leas ainmhithe; sláinte an phobail; cosaint tomhaltóirí; príobháideacht agus sonraí pearsanta a chosaint, agus slándáil córas líonra agus faisnéise.
- b) Gníomh nó neamhghníomh a chuireann isteach ar leasanna airgeadais an AE; nó
- c) Gníomh nó neamhghníomh a bhaineann le margadh inmheánach an AE, lena n-áirítear sáruithe ar rialacha iomaíochta an Aontais agus Státchabhrach, ar rialacha an dlí cánach corparáidí, nó ar shocruithe chun buntáiste cánach a fháil a sháraíonn sprioc nó cuspóir an dlí chorparáidigh is infheidhme; nó
- d) Gníomh nó neamhghníomh a sháraíonn sprioc nó cuspóir rialacha an AE agus na réimsí dá dtagraítear in (a) –(c)

3.2.2. Níl sé ábhartha ar tharla, an dtarlaíonn, nó an dtarlódh éagóir iomchuí sa Stát nó in áit eile agus cibé acu an dlí de chuid an Stáit nó aon tíre nó críche eile an dlí a bhaineann leis.

- 3.2.3. Ní éagóir ábhartha é ábhar má tá sé laistigh d'fheidhm an fhostaí nó DDLETB é a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus nach bhfuil nó nach mbaineann sé le gníomh nó neamhghníomh de chuid DDLETB.
- 3.2.4. Ní nochtadh cosanta é nochtadh faisnéise a bhféadfaí éileamh ar phribhléid ghairmiúil dhlíthiúil a choinneáil ina leith in imeachtaí dlí má dhéanann duine dár nochtadh an fhaisnéis le linn dó comhairle dlí a fháil.
- 3.2.5. Níl an spreagadh chun nochtadh a dhéanamh ábhartha maidir le cibé acu an nochtadh cosanta é nó nach ea.
- 3.2.6. In imeachtaí a bhaineann le fadhb maidir le ar nochtadh faoi chosaint é nochtadh, toimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur nochtadh cosanta é.

#### **4. Ag Gníomhú de Mheon Macánta**

- 4.1. Chun fostaí de chuid DDLETB a chosaint ar phionós mar thoradh ar nochtadh a dhéanamh faoin mbeartas seo, caithfidh sé/sí a chreidiúint go réasúnta go léiríonn ábhar an nochtadh ceann amháin nó níos mó de na hÉagóirí Ábhartha agus gur tháinig an t-eolas seo faoina n-aird le linn a gcuid oibre leis an mBord.
- 4.2. Tá cosaint iomlán ag an mbeartas seo maidir le haon nochtadh cosanta a dhéantar de mheon macánta, fiú mura bhfuil bunús leis an nochtadh, leis an tuarascáil nó leis an ábhar inní tar éis imscrúdaithe.
- 4.3. Ní mór, áfach, go gcreideann oibrí de chuid DDLETB go réasúnta go léiríonn ábhar a nochtadh cosanta éagóir ábhartha amháin nó níos mó mar a fhorordaítear san Acht um Nochtadh Cosanta 2014 agus san Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 agus go bhfuil an fhaisnéis seo tagtha dá n-aird le linn a bhfostaíochta.
- 4.4. Má aimsítear le himscrúdú go ndéanadh nochtadh cosanta go cráiteach, go mailíseach nó go fánach, déileálfadh DDLETB le heolas den sórt sin mar ábhar an-tromchúiseach agus mar thoradh air sin, d'fhéadfadh go nglacfar beart araíonachta nó gníomh eile dá leithéid nuair is cuí.

## 5. Nochtaí Cosanta

### 5.1. *Ginearálta*

- (a) Ba cheart nochtadh cosanta a dhéanamh a luaithe agus is féidir chun DDLETB a éascú gach gníomh riachtanach a dhéanamh go pras.

### 5.2. *Leagan Amach na Nochtaí Cosanta*

Ainmníodh an Duine seo a leanas chun dul i ngleic leis na hábhair inmí a ardaíodh tríd an nós imeachta seo:

Uasal Paul Turner, Stiúrthóir Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta  
Aisling Crowley, Príomhoifigeach Cúnta Acmhainní Daonna

Is féidir leat do thuarascáil a dhéanamh i scríbhinn freisin trí ríomhphost chuig bosca poist tiomnaithe - [protecteddisclosures@ddletb.ie](mailto:protecteddisclosures@ddletb.ie) nach bhfuil rochtain ach ag an duine ainmnithe thuas air.

- (a) Ba cheart nochtuithe cosanta a chur in iúl i scríbhinn agus a oiread sonraí agus is féidir a sholáthar chun na cúiseanna atá leis an inmí thromchúiseach a léiriú agus chun tacú leo.
- (b) Ba cheart don nochtadh scríofa faoi chosaint a bheith fíorasach agus ní tuairimeach agus ba cheart go mbeadh a oiread faisnéise sonracha agus is féidir ann ionas gur féidir measúnú ceart a dhéanamh ar chineál agus ar mhéid an ábhair inmí.

Go hidéalach, ba chóir go mbeadh an fhaisnéis seo a leanas sa nochtadh scríofa.

- cúlra an nochta,
  - stair an nochta,
  - fáth an nochta,
  - ainmneacha na ndaoine a chreidtear a bheith páirteach,
  - na dátaí a bhaineann leis an nochtadh,
  - na háiteanna a bhaineann leis an nochtadh, agus
  - aon fhaisnéis eile a chreideann an t-oibrí a bheith bainteach leis an nochtadh.
- (c) Más rud é, ar **chúis eisceachtúil** éigin, áfach, nach bhfuil an fostaí in ann an nochtadh cosanta a chur i scríbhinn, féadfaidh sé/sí glaoch teileafóin a chur ar an duine ar cheart dóibh an nochtadh cosanta a dhéanamh, nó bualadh leis, chun an fhaisnéis go léir atá leagtha amach thuas a sholáthar.

### 5.3. Nochtaí Cosanta a Phróiseáil

- 5.3.1. Is gnách go ndéanfaidh an duine dá ndéantar an nochtadh cosanta tosaigh an measúnú tosaigh chun a chinneadh cé acu an dtagann nó nach dtagann sé laistigh den sainmhíniú ar “Éagóir Ábhartha” a leagtar amach thuas ag clásal 3 agus ar cheart imscrúdú breise a dhéanamh air faoin mbeartas seo. Féadfaidh duine cuí eile an measúnú agus/nó fiosrúchán/imscrúdú a dhéanamh, áfach, le ceadú an Phríomhfheidhmeannaigh.
- 5.3.2. Déanfar gach nochtadh cosanta a bhainistiú go rúnda faoi na nósanna imeachta seo, a mhéid is féidir go réasúnta (féach 6 thíos).
- 5.3.3. Tabharfar faoi fhiosrúcháin tosaigh pras agus iomchuí chun a fháil amach an bhfuil gá le himscrúdú breise agus, má tá, chun cinneadh a dhéanamh ar an gcineál imscrúdaithe sin. Déanfar aon imscrúdú den sórt sin go pras agus déanfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- 5.3.4. Tar éis fiosrúchán tosaigh, d’fhéadfadh sé a bheith soiléir gur féidir an cheist a réiteach gan gá le tuilleadh imscrúdaithe.
- 5.3.5. Cuirfear an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí-BOO ar an eolas faoi aon chalaois nó neamhrialtacht líomhnaithe agus faoin imscrúdú atá beartaithe ina leith.
- 5.3.6. Gheobhaidh an t-oibrí admháil fhoirmiúil go bhfuarthas an nochtadh cosanta laistigh de 7 lá tar éis í a fháil, agus imlíne ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe déileáil leis an nochtadh a luaithe is indéanta go réasúnta.
- 5.3.7. Aiseolas a sholáthar don duine tuairiscithe laistigh de thréimhse réasúnach, nach faide ná 3 mhí ón dáta a seoladh an admháil go bhfuarthas an tuarascáil chuig an duine tuairiscithe faoi mhír (b) nó, murar seoladh admháil den sórt sin, tráth nach déanaí ná 3 mhí ó dháta éaga na tréimhse 7 lá tar éis don tuarascáil a bheith déanta, a mhéid is féidir agus faoi réir aon srianta dlí. Má tá toradh ar an imscrúdú nach bhfuil an fostaí sásta leis, féadfar an t-ábhar a tharchur chuig an bPríomhfheidhmeannach nó chuig Cathaoirleach an Bhoird, de réir mar is cuí.
- 5.3.8. Sa chás go gcuirtear an t-ábhar ar aghaidh chuig an gCathaoirleach, féadfaidh sé/sí dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach nó leis na baill foirne cuí chun comhairle a fháil ar an gcoinníoll nach mbíonn baint ag na baill foirne sin leis an imscrúdú ar an nochtadh cosanta.
- 5.3.9. Sa chás go meastar go bhfuil gá leis, féadfaidh an Príomhfheidhmeannach nó Cathaoirleach an Bhoird, de réir mar is cuí, a iarraidh ar thríú páirtí seachtrach imscrúdú a dhéanamh nó comhairle a sholáthar ar bhealach eile, faoi réir cead a fháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna roimh ré.

## 6. Nochtaí Cosanta Gan Ainm

6.1. Ní bhíonn cás chomh láidir sin ag baint le nochtadh cosanta gan ainm ná na cinn a dhéanann fostaí de chuid DDLETB atá toilteanach go n-aithneofaí iad. Soiléiríonn an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 nach bhfuil oibleagáid ar fhostóir nochtadh gan ainm a bhreithniú. Mar sin féin, má chinneann duine a dhéanann nochtadh cosanta gan ainm é nó í féin a aithint níos déanaí, tugtar cosaint dóibh faoin Acht. Mar gheall ar na cúiseanna seo cuireann DDLETB in aghaidh nochtaí gan ainm faoin mbeartas seo. Mar sin féin, breithneoidh DDLETB, i **gcúinsí eisceachtúla**, nochtadh gan ainm a phróiseáil, ag féachaint do na nithe seo a leanas:

- Tromchúis an nochta a rinneadh.
- Creidiúnacht ábhar an nochta.
- An dóchúlacht go mbeifear in ann na líomhaintí atá á ndéanamh a fhiosrú;
- Fáil ar fhoinsí inchreidte faisnéise;
- Nósanna imeachta cothroma.

## 7. Nochtaí Cosanta a rinneadh do dhaoine lasmuigh de DDLETB

7.1. Spreagtar fostaíthe DDLETB a n-imní a ardú faoin mbeartas um nochtadh cosanta seo ar an gcéad dul síos. Aithnítear, áfach, go mb'fhéidir nach mbeadh sé seo oiriúnach i gcónaí agus mar sin forálann an beartas seo, i gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014, do thuirisciú seachtrach do 'Daoine Forordaithe' agus do 'Daoine Eile'.

Má tá cúis ag fostaí a chreidiúint.

- go ngearrfaí  **pionós** air/uirthi, nó
- go ndéanfaí an fhianaise a bhaineann leis an éagóir ábhartha  **a cheilt nó a scriosadh**  i gcás nochtadh inmheánach,
- go raibh nochtadh cosanta déanta aige/aici roimhe seo den fhaisnéis chéanna ar an mórgóir faoin bpróiseas inmheánach nó do Dhuine Forordaithe; nó
- go bhfuil an éagóir ábhartha  **thar a bheith tromchúiseach** .

agus in imthosca den sórt sin, ar choinníoll

- go gcreideann an fostaí go bhfuil an fhaisnéis a nochtar, agus aon líomhain atá inti fíor ar an mórgóir; agus
- go gcreideann an fostaí go réasúnta nach chun sochair phearsanta a dhéantar an nochtadh, agus gur nochtadh réasúnach é.
- féadfaidh an fostaí nochtadh a dhéanamh do dhuine seachas DDLETB ar an gcoinníoll go bhfuil sé réasúnach nochtadh a dhéanamh don duine sin, ag cur san áireamh.
- céannacht an duine dá ndéantar an nochtadh,

- tromchúis na héagóra ábhartha,
- cibé an bhfuil an éagóir ábhartha ag leanúint ar aghaidh nó an dóigh go dtarlóidh sé amach anseo,
- aon ghníomh a rinne DDLETB nó an duine a ndearnadh an nochtadh roimhe sin dó nó a mbeifí ag súil go réasúnta a bheith déanta mar thoradh ar an nochtadh roimhe sin.

7.2. Aithnítear i gcásanna áirithe go bhféadfadh sé a bheith cuí d'fhostaí a c(h)uid inní a thuirisciú do chomhlacht seachtrach ar nós duine forordaithe. Is annamh, más riamh, a bheidh sé cuí na meáin a chur ar an eolas agus go ginearálta níor cheart don fhostaí é sin a dhéanamh ach mar rogha dheireanach. Molann DDLETB go láidir dá fhostaithe comhairle a lorg sula dtuairisíonn siad inní go seachtrach.

7.3. Forálann an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 d'Oifig nua don Choimisinéir um Nochtadh Cosanta a bhunú. Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ar [www.opdc.ie](http://www.opdc.ie)

7.4. Cé go bhféadfadh baint a bheith ag nochtaí cosanta le hiompar fostaithe de chuid DDLETB d'fhéadfadh baint a bheith acu uaireanta le gníomhartha tríú páirtí, amhail soláthróir nó soláthraí seirbhíse. I gcásanna áirithe ina gcomhlíontar coinníollacha sonracha féadfaidh an dlí oibrithe a chosaint má ardaíonn siad an cheist go díreach leis an tríú páirtí.

## **8. Cosaint na n-Oibrithe**

8.1. Tá DDLETB tiomanta don bheartas seo. Má dhéanann fostaí nochtadh cosanta de mheon macánta, geallann DDLETB gan pionós a ghearradh ar an oibrí ná leatrom a imirt air as nochtadh den sórt sin a dhéanamh.

8.2. Ba cheart d'oibrí a dhéanann nochtadh cosanta:

- a bheith cosanta ó dhífhostú.
- a bheith cosanta ó phionósú.
- ceart chun anaithnideachta a bheith acu a mhéid is féidir . Is cion coiriúil é duine a aithint a bhfuil nochtadh cosanta déanta aige mura bhfuil sé údaraithe é a dhéanamh.
- ceart caingean i dtort a bheith aige mar gheall ar chiapadh nó imeaglú.
- a bheith cosanta ar imeachtaí coiriúla.
- díolúine shibhialta a bheith aige i gcaingean le haghaidh damáistí/cosanta pribhléide cáilithe.

8.3. Má dhéanann fostaí nochtadh cosanta faoin mbeartas seo, ní féidir leis/léi aon chóireáil díobhálach a fhulaingt mar gheall ar ábhar inní a ardú. Áirítear leis an gcóireáil díobhálach, ach níl sé teoranta, don mhéid seo a leanas:



- a) fionraí, leagan as nó dífhostú,
- b) ísliú céime nó deiseanna ar ardú céime a chailleadh,
- c) aistriú dualgas, athrú ar shuíomh an ionaid oibre,
- d) laghdú pá nó athrú ar uaireanta oibre,
- e) aon smacht, iomardú a fhorchur nó a riaradh.
- f) cóireáil éagórach,
- g) comhéigean, imeaglú, nó ciapadh,
- h) leithcheal nó míbhuntáiste,
- i) gortú, damáiste nó cailteanas,
- j) bagairt díoltais; nó
- k) cóireáil neamhfhabhrach eile a bhaineann le hábhar imní a ardú.

8.4. Má chreideann oibrí gur fhulaing sé/sí aon chóireáil dá leithéid, ba cheart dó/di a b(h)ainisteoir líne a chur ar an eolas láithreach de réir mar is cuí. Mura réitítear an t-ábhar ba chóir don oibrí é a ardú go foirmiúil ag baint úsáide as an ngnás casaoide nó gnás iomchuí eile.

8.5. Má dhéanann fostaí nochtaí cosanta faoin mbeartas seo, níor cheart bagairt a dhéanamh air/uirthi nó díoltas a bhaint amach air/uirthi ar bhealach ar bith. Féadfaidh aon duine a bhfuil baint aige/aici le hiompar den sórt sin a bheith faoi réir gnímh araíonachta de réir an ghnáis araíonachta.

## 9. Rúndacht

9.1. Is cion coiriúil anois é duine a bhfuil nochtadh cosanta déanta aige a aithint, mura bhfuil sé údaraithe amhlaidh a dhéanamh, nuair is fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh suas le 12 mhí, nó an dá cheann, nó ar chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná €75,000 nó príosúnacht ar feadh suas le 2 bhliain, nó an dá cheann, é an pionós

Déileálfaidh DDLETB, chomh fada agus is féidir, le gach nochtadh cosanta le rúndacht mura sonraíonn an fostaí go soiléir nach gcuireann siad i gcoinne a n-ainm a bheith bainteach leis an nochtadh cosanta.

9.2. Ba chóir go mbeadh a fhios ag fostaithe DDLETB go bhféadfadh fianaise, i scríbhinn nó ó bhéal, a bheith ag teastáil in imeachtaí cúirte.

## 10. Oibrí atá ina Ábhar do Nochtadh

10.1. Tá fostaí de chuid DDLETB, atá ina ábhar do nochtadh, i dteideal nósanna imeachta cothroma.

10.2. Fad is atá imscrúdú ar bun, déanfar gach beart réasúnach chun rúndacht na ndaoine sin atá ina n-ábhar do líomhaintí i nochtadh a chosaint ar feitheamh thoradh an imscrúdaithe.

### **11. Coimeád taifead**

11.1. Coimeádfaidh DDLETB taifid go slán de réir oibleagáidí reachtúla.

11.2. Beidh rochtain teoranta de ghnáth, a mhéid is féidir, dóibh siúd a bhfuil baint dhíreach acu le himscrúdú an nochta agus chuig Príomhfheidhmeannach agus/nó Cathaoirleach an BOO de réir mar is cuí.

11.3. Maidir le nochtaí gan ainm, má chinntear nach bhfuil aon ghníomh eile le déanamh, déanfar sonraí maidir le nochtadh den sórt sin agus na cúiseanna nach ndearnadh aon ghníomhartha eile a thaifeadh.

### **12. Cumarsáid an Bheartais**

12.1. Cuirfear gach fostaí DDLETB ar an eolas faoin mbeartas seo.

12.2. Ba cheart go mbeadh an polasaí seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an BOO.

12.3. Ba cheart go bhfaigheadh fostaithe nua cóip den bheartas seo mar chuid dá n-ionduchtú, agus ba chóir é a chur ar fáil ach é a iarraidh.

### **13. Athbhreithniú**

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo go tréimhsiúil lena chinntiú go bhfanann sé cothrom le dáta agus go gcloíonn sé le hoibleagáidí reachtúla agus comhsheasmhach le forbairtí dea-chleachtais.

**Arna ghlacadh ag:** Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

**Dáta:** 08/01/2024